FÓGRA POIBLÍ

An tAcht um Pleanáil Limistéir Mhuirí, 2021, agus Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha), 2011
Glao ar aighneachtaí poiblí maidir le hiarratas ar cheadúnas úsáide muirí agus ar mheasúnacht chuí

Chuir EirGrid cpt iarratas faoi bhráid an Údaráis Rialála Limistéir Mhuirí ("MARA") ar cheadúnas úsáide muirí faoi alt 117 den Acht um Pleanáil Limistéir Mhuirí, 2021, chun dul i mbun suirbhéanna imscrúdaithe suímh i gCuan Bhaile Átha Cliath ó Pháirc na Carraige Duibhe go Port na Sliogán agus Teach Solais an Phoill Bhig. Tá an MUL atá beartaithe ag teastáil chun go mbeidh EirGrid in ann sonraí teicniúla agus comhshaoil atá sonrach don láithreán a fháil chun bonn iontaofa a sholáthar d'fhorbairt an dearaidh, agus chun tacú le céimeanna toilithe agus tógála an chiorcaid cábla leictreachais 220kV atá beartaithe, an tionscadal CP1146 ó Charraig Mhaighin go dtí an Poll Beag, atá mar chuid de chlár Bhaile Átha Cliath a Chumhachtú de chuid EirGrid.

Tá iarratas déanta ag an iarratasóir ar MUL a mhairfidh 2 bhliain a gcuirfear suirbhéanna ar bun ar bonn céimnithe lena linn.



Tá Ráiteas Tionchair Natura gaolmhar curtha isteach in éineacht leis an iarratas ar cheadúnas thuas. Tá an t-iarratas ar cheadúnas agus an Ráiteas Tionchair Natura ar fáil lena n-iniúchadh ar shuíomh gréasáin MARA **(www.maritimeregulator.ie/application/mul240010)** agus ag an seoladh seo a leanas trí choinne — **an tÚdarás Rialála Muirí, Urlár a 2, Teach Menapia, Páirc Ghnó Dhraighneach, Draighneach, Loch Garman, Y35 RF29.**

Féadfaidh daoine den phobal ar mian leo aighneacht a dhéanamh i scríbhinn chuig MARA ar an iarratas ar cheadúnas agus ar an Ráiteas Tionchair Natura é sin a dhéanamh agus tagairt á lua acu: MUL240010 chuig an seoladh ríomhphoist seo a leanas – licence@mara.gov.ie nó tríd an bpost chuig an seoladh seo a leanas: Aonad Ceadúnais, An tÚdarás Rialála Muirí, Urlár a 2, Teach Menapia, Páirc Ghnó Dhraighneach, Draighneach, Loch Garman, Y35 RF29.

Ní mór aighneacht i scríbhinn a bheith faighte ag MARA faoi 17.30 an 22/02/2026.

Ansin, rachaidh MARA, a luaithe is indéanta, i mbun chinneadh na measúnachta cuí i gcomhréir le Rialachán 42 de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha), 2011. I ndiaidh an chinnidh, déanfaidh MARA an t-iarratas ar cheadúnas a dheonú, cuid de a dheonú, nó a dhiúltú

Arna dhátú an 22ú lá de mhí Eanáir 2026 **Sínithe ag:** **Ionadaí ó EirGrid cpt**

EirGrid